Coláiste | Aonad Bainistíochta	Oifig an Chláraitheora & an Leas-Uachtaráin um Ghnóthaí Acadúla UCD
Scoil | Aonad	Seirbhísí TF UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	Tacaíocht Shinsearach TF
Tréimhse an Phoist	Buan (le Painéal Buan agus Sealadach 6 mhí)
Grád	Ríomhchláraitheoir II
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Teicneolaíocht faisnéise - Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	Ní bhaineann
Bainisteoir Líne	CIO or a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020035
Riarthóir Acmhainní Daonna	Natalia McDonagh

Achoimre ar an bPost:

Cuireann Seirbhísí TF UCD gach feidhmchlár agus bonneagar lárnach TF ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn ar fud na hOllscoile. Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost conartha Tacaíochta Sinsearach TF laistigh de Sheirbhísí TF UCD.

Oibreoidh an duine Sinsearach Tacaíochta TF san fhoireann Freastalaithe agus Stórála laistigh den Ghrúpa Bonneagair agus oibreoidh sé ar réitigh ardfheidhmíochta a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le gnéithe oibríochtúla laethúla fhreastalaithe agus sheirbhísí TF UCD. Cuireann an Grúpa Bonneagair (IG) tacaíocht ar fáil don bhonneagar TF, rud a chuireann ar chumas na foirne agus na mac léinn ar fud na hOllscoile oibriú agus staidéar a dhéanamh go héifeachtach. Soláthraíonn an Grúpa Bonneagair cothabháil agus tacaíocht ar gach bonneagar TF criticiúil, lena n-áirítear na crua-earraí agus bogearraí bunúsacha a sholáthraíonn an t-ardán chun gach príomhsheirbhís TF a reáchtáil don Ollscoil.

Éilíonn an post ardleibhéal scileanna anailíseacha agus teicniúla, scileanna seirbhíse do chustaiméirí, agus tá sé oiriúnach do dhuine a bhfuil suim mhór aige caidreamh láidir comhoibritheach a thógáil laistigh de Sheirbhísí TF agus den Ollscoil níos leithne. Áirítear leis an ról freisin meastóireacht a dhéanamh ar theicneolaíochtaí/bogearraí nua agus seirbhísí nua agus teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn a fhorbairt/a chur chun feidhme laistigh den Ollscoil de réir mar is gá.

Is féidir leis an iarrthóir a bheith ag súil go mbeidh sé páirteach i dtimpeallacht oibre éagsúil, ó fhreastalaithe agus córais a thógáil, go monatóireacht a dhéanamh ar chórais agus ar bheartais slándála. Oibreoidh an t-iarrthóir ar thascanna oibríochtúla ó lá go lá freisin.

Tugann an ról an deis d'fhorbairt phearsanta, agus tá oiliúint leanúnach theicniúil, bainistíochta tionscadail agus acmhainní daonna ar fáil, chomh maith le deiseanna chun freastal ar chomhdhálacha a bhaineann le teicneolaíocht chun d'eolas a fheabhsú.

Tá an ról an-oiriúnach do dhuine atá ag iarraidh a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann le gníomhaíochtaí éagsúla oibríochtúla agus tionscadalbhunaithe agus ag an am céanna a bheith ag foghlaim go leanúnach agus ag cur le saol na hollscoile.

© UCD Human Resources